

Juvenes Translatores 2023

PDF generated for translation No.: 1410 from student id: 14872 [en - ga]

Your translation [Gaeilge]

Píosa cainte

AI/IS - 'Is ea, Is ea' nó 'Ab ea!'

Jo: Níl aon ghá le teangacha eachtracha a fhoghlaim níos mó. Tá an AI/IS chomh áisiúil sin go bhfuil tú in ann labhairt isteach i d'fhón agus aistríonn sé an rud atá dhá rá agat. Is cuma cén áit den domhain ina bhfuil tú lonnaithe beidh a fhios ag na freastalaithe an cineál caife atá uait.

Mo: Tá rud éigin aisteach faoin rud ar fad, cén chaoi go bhféadfá do mhúinín a chur sa bhfón ar nós gur duine atá ann. Bíonn dhá chroí ag freastalaithe nuair a bhíonn iarracht dhá ndéanamh ag turasóirí a dteanga dúchais a labhairt. Ní bheadh a fhios agat, b'fhéidir go dtabharfadh ceann acu briosca in aisce duit.

J: Tabharfaidh AI/IS briosca ar bith a theastaíonn uait duit. Má dhéarfainn rud ar nós 'guairneáin seacláide le líoma cáise agus oighriú wasabi ar bharr' bheadh an AI/IS in ann an oideas chun é a dhéanamh a chur chomh fada le printéara 3t.

M: Cé go bhfuaimníonn sé sin ar fad blasta, ní 'intleacht' atá i gceist leis an rud ar fad. Tá sé ag athrú agus ag cuir isteach ar na tacair sonraí fud fad an domhain.

J: Tá tusa ag caint ar na tacair sonraithe a bhaineann leis an idirlíon domhanda. Níl ansin ach áit na dtosaitheoirí. Níl aon srian leis na féidearthachtaí.

M: Is cinnte go bhfuil áit fíor dhorcha ag bun na hidirlíone, cé a roghnaíonn na tacair sonraí? Cé a choiníonn súil air? Cé a thugann cead don rud seo do chuid sonraí pearsanta a úsáid? Teastaíonn cainteanna le pobail atá ag stracailt leis an bhfadhb chun leigheas a fháil ar na deacrachtaí.

J: Cinnte, agus is féidir le daoine a gcuid teangacha dúchasacha a labhairt sna comhráite sin. Ní bheadh ar chuile dhuine beo béarla a labhairt níos mó. Tá cumas aistriúcháin ag AI/IS atá deich n-uaire níos éifeachtaí ná an cumas daonna.

M: Tá an AI/IS in ann obair na gcapall a dhéanamh ach ní chuireann muid capaill i gceannas ar dhaoine ariamh. Déanann aistriúchán uathoibríthe botúin. Caithfidh daoine a bheith ina n-aistritheoirí níos fearr chun meaisínre a cheartú, sin bun agus barr an scéil.

J: Is dlúth chara é an AI/IS leis an teangeolaí. An raibh a fhios agat go bhfuil AI/IS in úsáid chun cabhrú le teangacha atá ar an dé deireadh?

M: Gan dabht tugann sé cúnaimh ach tá ionchuir daonna riachtanach. Ní hiad na rialacha gramadaigh amháin a chuireann teanga le chéile bíodh a fhios agat.

J: Stop atú, tá stór focail i gceist freisin. Tá na féidearthachtaí ag AI/IS an téarmeolaíocht ar fad a theastaíonn uait a chuir ar na bunachair sonraí.

M: Ceard faoin athrú poirt, an goiliúnacht, an imirt ar fhocla? Samhlaigh go mbeadh ár gcuid comhráite aistrithe i dteangacha éagsúla. Ní fhéadfadh an AI/IS ár gcuid intinn a léamh nó é a fheiceáil i súile an léitheora. Teastaíonn cruthaitheacht daonna dó sin. Bheadh chuile aistriúchán beo difriúil óna chéile. Bheadh duais curtha ar fáil do na cinn ab fhéarr.

Juvenes Translatores 2023

PDF generated for translation No.: 1410 from student id: 14872 [en - ga]

J: Cuirfidh muid comórtas ar siúl mar sin! Is féidir leis an AI/IS réaltacht fhíorúil a chruthú le cluichí san áireamh, le neart imreoirí thar ríocht samhlaíochta a chuir in aghaidh a chéile.

M: Tá tú ag rá ilchríoch iomlán a aontú le cultúir éagsúla, le cathracha iontacha agus tírdhreachanna de chnoic, abhainneacha agus foraois?

J: Go díreach! Bheadh rudaí ar nós moncaí spáis, dineasáir agus Bolcán Armageddon.

M: Caithfidh mé a rá go suimiúil an rud é comhrá a choinneáil leat. Ní aontaím leis na tuairimí ar fad a bhíonn agat ach tá an samhlaíocht ann go cinnte.

J: Bíonn mé ar mhuin na muice agus mé ag caint leat. Tá prionsabail agat agus seasann tú leo. An mbeadh suim agat blogam caife a bheith agat?

M: Cinnte! Inseoidh mé cleas nó dhó dhuit chun latte a ordú in Iodáilís.

J: Tá muid tagtha ar aontú faoi dheireadh! Muna dtabharfaidh an freastalaí brioscaí in aisce dúinn priontálfaidh mé cuid le mo phrintéir 3t.

Juvenes Translatores 2023

PDF generated for translation No.: 1410 from student id: 14872 [en - ga]

Text to translate [English]

A dialogue

AI - 'Aye, aye' or 'My eye!'

Jo: There's no need to learn foreign languages any more. Thanks to AI, you speak into your phone and it translates. So wherever you are in the world, waiters know how you want your coffee.

Mo: It sounds dehumanising, thrusting phones at people. Waiters like it when tourists make an effort to speak their language. Sometimes they slip you a free biscuit.

J: AI can give you any biscuit you want. I can say 'cheesy lime chocolate swirls with wasabi icing', AI configures the recipe and sends it to a 3D food-printer.

M: Delicious! It's not really 'intelligence' though. It's rehashing the underlying dataset.

J: An underlying dataset that includes the whole World Wide Web. That's just for starters. The possibilities are endless.

M: The World Wide Web has a dark underbelly. Who chooses the dataset? Who controls it? Who consents to their data being used? We need discussions with all affected communities.

J: Yes, and people can speak their own languages in those discussions. No more making everyone speak English. AI can handle volumes of translation way beyond human capacity.

M: AI can do the donkey work but we don't put donkeys in charge. Automated translation makes mistakes. Humans have to be better translators than machines in order to correct them.

J: AI is the linguists' friend. Did you know that AI is being used to help preserve endangered languages?

M: Help, yes, but human input is vital. Language isn't just a set of grammatical rules to be decoded.

J: No, there's also vocabulary. AI can simultaneously mine multiple terminology databases.

M: What about tone, sensitivity, word-play? Imagine our conversation translated into various languages. AI couldn't get inside our heads or see it from the readers' point of view. That needs human creativity. Each translation would be different. The best ones would deserve a prize.

J: Then let's hold a competition! AI can create a virtual-reality gaming universe with multiple players across fantasy realms.

M: You mean a whole continent uniting diverse cultures, with great cities and glorious landscapes of mountains, rivers and forests?

J: Yes! With space monkeys, dinosaurs and Volcano Armageddon.

M: Talking to you is a tonic. I don't agree with all your opinions but your imagination is out there.

J: I like talking to you. You've got principles and you stand up for them. Do you fancy going for coffee?

Juvenes Translatores 2023

PDF generated for translation No.: 1410 from student id: 14872 [en - ga]

M: Sure! I'll teach you to order a latte in Italian.

J: You're on! And if the waiters don't give us free biscuits, I'll 3D print some.